Coimisiún na Meán

# Treoir d'Iarratasóirí

# Scéim Urraíochta

Dáta Foilsithe:
23 Meán Fómhair 2025

Spriocdháta le haghaidh freagra:
21 Deireadh Fómhair 2025

# Réamhrá

Is treoir d'iarratasóirí ar mhaith leo cur isteach ar mhaoiniú urraíochta ó Choimisiún na Meán é an doiciméad seo. Clúdaítear na hábhair seo a leanas sa treoir:
Moltar do na hiarratasóirí an treoir seo a léamh sula gcuirfidh siad an fhoirm iarratais urraíochta seo i gcrích agus sula gcuirfidh siad isteach í. Má tá aon cheist agat maidir le hurraíocht, déan teagmháil le sponsorship@cnam.ie nó cuir glaoch ar (01) 644 1200.


1. Maidir Le Coimisiún Na Meán 2
2. Scéim Urraíochta Choimisiún Na Meán 3
3. Cad is féidir a thacú le hurraíocht? 3
4. An Maoiniú Atá Ar Fáil 4
5. Fáisnéis Riachtanach Chun Iarratas A Dhéanamh 4
6. Iarratas A Chur Isteach 5
7. Measúnú Ar Iarratais 6
8. Cinntí Maoinithe 6
9. Riachtanais Le Haghaidh Iarratais Rathúla 7
10. Saoráil Faisnéise 8
11. Cosaint Sonraí 8

Aguisín a hAon – Teimpléad Buiséad 9

Aguisín a Dó – Plean Airgeadais 10


**Dáta Deireanach le haghaidh Iarratas**

Ní mór foirmeacha iarratais urraíochta de chuid Choimisiún na Meán a chomhlánú agus a chur isteach i bhfoirm **PDF** chuig sponsorship@cnam.ie faoi **12 meán lae, 21 Deireadh Fómhair 2025**. Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán le hiarratais dhéanacha ná neamhchríochnaithe.

# 1. Maidir Le Coimisiún Na Meán

Coimisiún na hÉireann chun craoltóirí agus na meáin ar líne a rialáil, agus chun tacú le forbairt na meán is ea Coimisiún na Meán. Bunaíodh é de réir fhorálacha an *Achta um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2022* ar an 15 Márta 2023. Is iad ár bhfreagrachtaí:

- Maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú earnáil na meán níos leithne in Éirinn agus tacú lena forbairt.
- Maoirseacht a dhéanamh ar rialáil seirbhísí craolacháin agus físeáin ar éileamh.
- Córas rialála na hÉireann maidir le sábháilteacht ar líne a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.

## 2. Scéim Urraíochta Choimisiún Na Meán

Tríd an Scéim Urraíochta, tá sé mar aidhm ag Coimisiún na Meán feasacht a ardú ar a chuid oibre agus tacú le forbairt earnáil na meán níos leithne. Tá An Coimisiún ag lorg iarratais ar mhaoiniú urraíochta le haghaidh imeachtaí a thionólfar sa bhliain atá le teacht.

Foilsíonn Coimisiún na Meán an treoir urraíochta seo d'iarratasóirí, le taobh foirm iarratais ar leith. Is iondúil go dtugtar dáta deiridh d'iarratasóirí chun iarratais a chur isteach atá thart ar 3-4 seachtaine ón dáta ar éilíodh na hiarratais. Tar éis an dáta deiridh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hiarratais de réir na gcritéar ábhartha atá leagtha amach sa treoir seo d'iarratasóirí agus cuirfidh sé a chinntí maoinithe in iúl go gairid ina dhiaidh sin. Sainmhíníonn Coimisiún na Meán urraíocht mar:

> *"ranníocaíocht a chuirtear ar fáil d'eagraíocht, nó do dhuine aonair, chun críocha tacú le himeacht a chur ar siúl, seirbhís a chur ar fáil nó chun tabhairt faoi ghníomhaíocht a thagann le cuspóirí Choimisiún na Meán, agus go gcuirfear sochar sainithe ar leith ar fáil mar chúiteamh".*

## 3. Cad is féidir a thacú le hurraíocht?

Glacann Coimisiún na Meán le hiarratais ar urraíocht d'imeachtaí agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis na meáin a bhfuil a gcomhréir lena Ráiteas Straitéiseach agus a ról ag tacú le tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa, agus cuireann sé deiseanna ar fáil don Choimisiún a chuid oibre a chur chun cinn ar fud earnáil na meán. I measc samplaí d'imeachtaí urraithe tá féilte scannán, searmanais bronnta duaiseanna, comhdhálacha agus seimineáir ar ábhair a bhaineann lenár sainchúram. Ní mór do thograí urraíochta ailíniú a léiriú lenár Ráiteas Straitéise agus na torthaí straitéiseacha a bhfuil sé mar aidhm aige a phróiseáil.

- Ní thairgtear maoiniú urraíochta chun léiriú scannán, clár teilifíse nó raidió, nó taifeadadh podchraoltaí, físeáin chorparáideacha nó fógraí, nó clár ar líne a éascú.
- Níl sé beartaithe go gclúdóidh urraíocht costais iomlána na n-imeachtaí/na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. Ba chóir breathnú ar Choimisiún na Meán mar chomhpháirtí ranníocach.
- Ba chóir iarratais a theorannú d'imeachtaí/ghníomhaíochtaí aonuaire, nó d'eilimintí laistigh d'imeacht níos mó, nó do shraith imeachtaí/ghníomhaíochtaí nasctha a bheidh ar siúl i rith na bliana féilire 2026.
- Ní fhéadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar an scéim mhaoinithe seo le haghaidh

imeachtaí/gníomhaíochtaí atá ag fáil maoiniú cheana féin faoi scéim nó clár eile de chuid Choimisiún na Meán.

- Ritheann Coimisiún na Meán réimse scéimeanna maoinithe ar leithligh eile agus moltar d'iarratasóirí ionchasacha ár suíomh Gréasáin a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi cé acu bealach is oiriúnaí chun tacaíocht a lorg.

# 4. An Maoiniú Atá Ar Fáil

Mar threoir maidir le dámhachtainí maoinithe aonair, is gnách go mbíonn an méid maoinithe urraíochta a thairgtear d'iarratasóirí idir **€1,000 agus €15,000.** Féadfar suimeanna níos mó a dhámhachtain i gcúinsí áirithe. Agus tograí á measúnú, cuirfear san áireamh cineál an imeachta, a ábharthacht d'obair an Choimisiúin, luach ar airgead, agus gnéithe cur chun cinn atá san áireamh san iarratas.

# 5. Fáisnéis Riachtanach Chun Iarratas A Dhéanamh

Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais urraíochta oifigiúil Choimisiún na Meán a chomhlánú leis an bhfaisnéis seo a leanas:

**Sonraí an Iarratasóra / an Chonraitheora Beartaithe**, lena n-áirítear:

- Sonraí teagmhála *(ríomhphost, uimhir theileafóin, seoladh, meáin shóisialta, suíomh gréasáin)*
- Deimhniú ar stádas an Iarratasóra / an Chonraitheora Beartaithe, (*ainm cuideachta, eagraíochta nó gnó aonair cláraithe.)*

**Sonraí an Imeachta:**

- Dáta(í), suíomh, cur síos gairid ar an imeacht. **Tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfidh an imeacht / an ghníomhaíocht tarlú sa bhliain féilire ábhartha**.
- Formáid an imeachta, cainteoirí etc.
- Mínigh conas a oireann an imeacht/an ghníomhaíocht do Ráiteas Straitéiseach reatha Choimisiún na Meán agus go háirithe na torthaí straitéiseacha a bhfuil sé mar aidhm aige a chur chun cinn.

**Maoiniú:**

An méid a iarrtar ón gCoimisiún. **Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir níos mó ná 95% den bhuiséad ábhartha a iarraidh.**

- Buiséad iomlán don imeacht / don ghníomhaíocht atá beartaithe.
- Buiséad imeachta urraithe **(Teimpléad ar fáil in Aguisín a hAon)**
- Má éiríonn leis, conas a chaithfear an maoiniú urraíochta. Sainaithin le do thoil cá háit a leithdháilfear an urraíocht sa bhuiséad a cuireadh ar fáil.
- Plean airgeadais ina léirítear foinsí maoinithe eile (**Teimpléad ar fáil in Aguisín a Dó).**

**Cur Chun Cinn agus Aitheantas:**

- Mínigh conas a chuirfear na deiseanna cur chun cinn ar fáil do Choimisiún na Meán trí urraíocht, agus/nó conas a aithneofar urraíocht Choimisiún na Meán.
- Léirigh cé na hardáin meán sóisialta a úsáidfear chun an ócáid a chur chun cinn agus cén brandáil de chuid Choimisiún na Meán a bheidh uait, (táblaí ar fáil i Roinn 4).
- Más ábhartha, an gcuirfear ticéid nó deiseanna labhartha ar fáil don Choimisiún, (táblaí ar fáil i Roinn 4).

**Cuntas teiste ábhartha an iarratasóra** maidir le himeachtaí comhchosúla a sheachadadh roimhe seo agus stádas conarthaí atá ann cheana féin leis an gCoimisiún más infheidhme.

Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais urraíochta oifigiúil Choimisiún na Meán a chomhlánú leis an bhfaisnéis ábhartha ina iomláin:

## 6. Iarratas A Chur Isteach

Ní mór foirmeacha iarratais urraíochta de chuid Choimisiún na Meán a chomhlánú agus a chur isteach i bhfoirm **PDF** chuig sponsorship@cnam.ie faoi **12 meán lae, 21 Deireadh Fómair 2025**. Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán le hiarratais dhéanacha ná neamhchríochnaithe. Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán. Ba cheart d'iarratasóirí cóip dhigiteach den iarratas a cuireadh isteach a choinneáil.

# 7.Measúnú Ar Iarratais

Déanfaidh Coimisiún na Meán measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na gcritéar seo a leanas:

| **Critéir an Mheasúnaithe** | **Marcanna ar fáil %** | **Scór íosta a theastaío nn** |
|---|---|---|
| (A) Ailíniú agus ábharthacht le ról Choimisiún na Meán i dtaca le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chothú mar a léirítear inár. Ráiteas Straitéiseach | 40 | 24 |
| (B) Cuireann sé luach ar airgead ar fáil. | 25 | 15 |
| (C) A mhéid atá an togra leagtha amach réadúil agus indéanta. | 15 | 9 |
| (D) Taithí agus taifead ábhartha an iarratasóra i dtaca leis an imeacht/gníomhaíocht atá beartaithe. Breithneofar taifead iarratasóra i dtéarmaí an phróisis chonarthachta agus conarthaí a dhúnadh laistigh d'amlínte ama comhaontaithe mar chuid den phróiseas measúnaithe. Má tá maoiniú faighte ag an iarratasóir roimhe seo, tabhair faoi deara nach ndéanfaidh Coimisiún na Meán conradh nua go dtí go mbeidh na conarthaí roimhe seo go léir dúnta. | 20 | 12 |
| **Iomlán** | **100%** | **-** |

Tabharfaidh Coimisiún na Men aird freisin ar an éagsúlacht, i réimsí lena n-áirítear lucht féachana, earnáil, seánraí agus formáidí a mbeadh na himeachtaí/gníomhaíochtaí urraithe ag freastal orthu;

**Tabhair faoi deara, le do thoil, nach ráthaíonn rathúlacht roimhe seo maidir le maoiniú urraíochta a chinntiú go gcuirfear maoiniú ar fáil do na blianta atá le teacht.**

# 8. Cinntí Maoinithe

Cuirfidh Coimisiún na Meán na cinntí maoinithe in iúl d'iarratasóirí a n-éiríonn leo agus d'iarratasóirí nach n-éiríonn leo go déanach in 2025 nó go luath in 2026.

## 9. Riachtanais Le Haghaidh Iarratais Rathúla

**Conradh:** Tá gach tairiscint ar mhaoiniú urraíochta faoi réir ghlacadh oifigiúil an iarratasóra leis an tairiscint agus conradh maoinithe a dhéanamh le Coimisiún na Meán laistigh de na creataí ama atá sainithe ag an gCoimisiún agus **tráth nach déanaí ná an dáta atá an t-imeacht nó an ghníomhaíocht le bheith ar siúl.**

Ar chur i gcrích conartha, cuirfear sciar tosaigh den mhaoiniú leithdháilte ar fáil. Chun an chuid eile den mhaoiniú a tharraingt anuas, ní mór d'iarratasóirí cloí go hiomlán le téarmaí an chonartha. Cuimsítear leis na ceanglais go gcuirfí na táirgí insoláthartha riachtanacha ar fad atá leagtha amach sa chonradh isteach ar chaighdeán sásúil.

Beidh ar iarratasóirí a n-éiríonn leo ag a bhfuil conarthaí urraíochta reatha acu le Coimisiún na Meán, na conarthaí sin a dhúnadh, agus aon táirge insoláthartha gan íoc a chur isteach chun sástacht Choimisiún na Meán chun tús a chur le hidirbheartaíochtaí conartha le haghaidh aon imeacht / ghníomhaíocht atá ag teacht aníos agus ar bronnadh maoiniú air/uirthi.

Is féidir conradh maoinithe samplach le haghaidh na Scéime Urraíochta, mar aon leis na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis, a fháil anseo.

Ina theannta sin, tabhair an méid seo a leanas faoi deara:

**Tarraingt anuas an mhaoinithe:** Go ginearálta, íocfar an maoiniú ina dhá sciar agus aontaítear céatadán an mhaoinithe i ngach sciar le linn idirbheartaíocht chonartha idir an t-iarratasóir rathúil agus Coimisiún na Meán. De réir na treorach, is iondúil go mbíonn an chéad sciar den mhaoiniú idir 50% agus 60%.

**Cuntas bainc:** Ní féidir maoiniú urraíochta a eisiúint ach chuig **cuntas bainc ar leith** de chuid an imeachta/na gníomhaíochta urraithe. Caithfidh an t-ainm ar an gcuntas bainc teacht le hainm an iarratasóra a n-éireoidh leis/léi.

**Cuntasaíocht:** Faoi chonradh urraíochta Choimisiún na Meán, tá dualgas ar iarratasóirí a n-éiríonn leo úsáid a bhaint as caighdeán cuntasaíochta MTS 45 agus iad ag ullmhú na ráiteas costais deiridh don imeacht/ghníomhaíocht urraithe. Ní féidir an sciar deiridh den mhaoiniú urraíochta a eisiúint dá uireasa sin. Tá treoir maidir leis an gcaighdeán cuntasaíochta MTS 45 ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

**Imréiteach Cánach:** Ní mór d'iarratasóirí a n-éiríonn leo uimhreacha rochtana cánach agus uimhreacha tagartha cánach a chur isteach chuig Coimisiún na Meán chun comhlíonadh cánach a léiriú sula mbeifear in ann aon mhaoiniú urraíochta a eisiúint.

**CBL:** Ní mór do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo agus atá cláraithe le haghaidh CBL, sonraisc bhailí

CBL a eisiúint chuig Coimisiún na Meán chun maoiniú urraíochta a fháil.

## 10. Saoráil Faisnéise

Geallann an Coimisiún a dhícheall a dhéanamh chun aon ábhar a sholáthraítear mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, faoi réir oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 (“Acht um Shaoráil Faisnéise”). Iarrtar ar Iarratasóirí agus ar Chonraitheoirí a mheas an gcaithfear aon chuid den fhaisnéis a sholáthraítear don Choimisiún in iarratas nó le linn conarthaí ina dhiaidh sin a nochtadh mar gheall ar a hábhar faisnéise, an fhaisnéis sin a aithint agus na cúiseanna lena híogaireacht a shonrú. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le hiarratasóirí faoi fhaisnéis rúnda, phearsanta nó íogair ó thaobh tráchtála de sula ndéanfaidh sé cinneadh ar aon iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Féadfar an fhaisnéis sin a scaoileadh mar fhreagra ar iarratas um Shaoráil Faisnéise mura meastar go bhfuil an fhaisnéis íogair ó thaobh tráchtála de.

## 11. Cosaint Sonraí

Tá Coimisiún na Meán faoi réir gach dlí, rialachán agus treoir is infheidhme um chosaint sonraí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an “Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí”) agus aon treoir agus cód cleachtais eisithe ó am go ham ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó ag aon údarás maoirseachta eile le haghaidh cosaint sonraí in Éirinn.

Beidh Coimisiún na Meán ina rialtóir sonraí (sa chás go dtugtar brí do Rialtóir Sonraí de réir na nDlíthe Cosanta Sonraí) maidir le haon Sonraí Pearsanta (sa chás go dtugtar brí do Shonraí Pearsanta de réir na nDlíthe Cosanta Sonraí) a chaithfidh iarratasóirí a chur ar fáil le haghaidh maoiniú urraíochta.

Ní mór don iarratasóir, mar rialtóir sonraí maidir leis na sonraí ar fad a chuireann sé ar fáil ina iarratas, a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil cead tugtha ag na hábhair sonraí ar fad (sa chás go dtugtar brí d’ábhair sonraí de réir na ndlíthe cosanta sonraí) a bhfuil a sonraí pearsanta curtha ar fáil ag an iarratasóir, i leith phróiseáil sonraí pearsanta den sórt sin ag an iarratasóir, ag Coimisiún na Meán agus ag an bpainéal measúnaithe chun críocha rannpháirtíochta sa Scéim Urraíochta seo NÓ go bhfuil bunús dlíthiúil ag an iarratasóir chun sonraí pearsanta den sórt sin a chur ar fáil do Choimisiún na Meán chun críocha rannpháirtíochta sa Scéim Urraíochta seo.

# Aguisín a hAon – Teimpléad Buiséad

Aguisín a hAon – Teimpléad Buiséad

| Líne # | Cur Síos | Costas Aonaid | Líon na n-Aonad | Costas Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| 7 | | | | |
| 8 | | | | |
| 9 | | | | |
| 10 | | | | |
| 11 | | | | |
| 12 | | | | |
| | **Buiséad Iomlán** | | | |

# Aguisín a Dó – Plean Airgeadais

| Maoinitheoir | Méid Maoiniú € | % den bhuiséad | Maoiniú deimhnithe Tá/Níl |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| Iomlán | | | |